


An Coimisiún um Chosaint Sonraí


Cé Leis na Cearta?

Treochtaí agus Buaicphointí ó Shruth 1 de Chomhairliúchán Poiblí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí maidir leis na Cearta Cosanta Sonraí atá ag Leanáí




An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission

MEÁN FÓMHAIR 2019
AN COIMISIÚN UM CHOSAINN SONRAÍ
21 CEARNÓG MHC LIAM, BÁC 2,
DO2 RD28, ÉIREANN.



Clár Ábhar

Réamhrá	4
Leagan amach an chomhairliúcháin	5
Freagraí – Treochtaí ardleibhéil	6
1. Leanaí mar ábhair shonraí agus feidhmiú a gceart cosanta sonraí	9
Trédhearcacht agus an ceart go gcuirfí ar an eolas iad	10
Fógraí príobháideachta atá sonrach do leanaí	11
Ceartha cosanta sonraí a fheidhmiú	12
Roghanna eile ar thosca aoisbhunaithe	14
Rannpháirtíocht tuismitheora	14
II. Coimircí	16
Modhanna fíoraithe aoise	17
Rochtain ar sheirbhísí ar líne a tairgeadh roimh theacht in éifeacht an Rialacháin Ghinearálta do leanaí atá faoi bhun aois an toilithe dhigitigh a tharraingt siar	19
Soláthraithe seirbhísí ar líne agus aoiseanna toilithe dhigitigh atá difriúil i dtíortha difriúla san Aontas Eorpach (Airteagal 8 den Rialachán Ghinearálta)	20
III. Próifíliú agus gníomhaíochtaí margaíochta lena mbaineann leanaí (Airteagail 21-22 den Rialachán Ghinearálta)	22
Leanaí a phróifíliú chun críocha margaíochta	23
IV. Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú (Airteagal 25 den Rialachán Ghinearálta)	25
Socrúithe príobháideachta ionsuite do leanaí	27
V. Ginearálta	28
Conclúid	29



Réamhrá

RÉAMHRÁ

Ó mhí na Nollag 2018 go mí Aibreáin 2019, reáchtáil an Coimisiún um Chosaint Sonraí ('an Coimisiún') comhairliúchán poiblí maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí agus cearta leanaí mar ábhair shonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('an Rialachán Ginearálta'). Seoladh an comhairliúchán sin chun aghaidh a thabhairt ar roinnt ceisteanna a tháinig chun cinn i gcomhthéacs na bhforálacha nua a bhaineann le leanaí faoin Rialachán Ginearálta, rud atá ar an gcéad dlí um chosaint sonraí riamh ón Aontas Eorpach lena dtarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le sonraí pearsanta leanaí a chosaint agus ar staid na leanaí mar ábhair shonraí. Ba é cuspóir an chomhairliúcháin deis a thabhairt do gach geallsealbhóir a dtuairimí a chur in iúl faoi shaincheisteanna a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta leanaí, leis na caighdeáin shonracha chosanta sonraí is infheidhme maidir le leanaí, agus le cearta leanaí mar ábhair shonraí. Cabhróidh an t-aiseolas ón gcomhairliúchán seo leis an gCoimisiún ábhar treorach a tháirgeadh ar leanaí agus cosaint sonraí. Áireofar leis sin treoir mhionsonraithe a bheidh dírithe ar rialaitheoirí sonraí agus páirtithe leasmhara mar aon le treoir ar leith atá oiriúnach do leanaí, rud a chuirfidh ar chumas leanaí tuiscint a ghnóthú ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn tar éis dóibh a sonraí pearsanta a sholáthar ar líne agus ar na cearta atá acu faoin dlí um chosaint sonraí. Ag teacht sna sála ar an gcomhairliúchán, oibreoidh an Coimisiún le geallsealbhóirí sa tionscal, sa rialtas agus san earnáil dheonach agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha chun a spreagadh go ndréachtófaí cóid iompair (faoi mar a cheanglaítear le halt 32 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018).



LEAGAN AMACH AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN

Bhí an comhairliúchán roinnte ina dhá shruth: I sruth amháin, tugadh páirt dhíreach do leanaí agus daoine óga sa díospóireacht ach a dtuairimí a bhailiú sa seomra ranga trí úsáid a bhaint as plean ceachta saindeartha. Cuireadh an plean ceachta i bhfeidhm i scoileanna agus in ionaid Ógtheagmhála ar fud na tíre. Dírithe ar gheallsealbhóirí is aosaigh a bhí an sruth eile, atá mar ábhar don tuarascáil seo. Thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a bhfreagraí a thabhairt ar cheann ar bith, nó ar gach ceann, de na 16 cheist atá leagtha amach sa doiciméad comhairliúcháin tiomnaithe. Áiríodh leis na páirtithe leasmhara sin tuismitheoirí, teagascóirí, eagraíochtaí um chearta leanaí, eagraíochtaí um chosaint leanaí, comhlachtaí ionadaíocha do thuismitheoirí agus do theagascóirí, agus eagraíochtaí a dhéanann sonraí leanaí a bhailiú agus a phróiseáil. Bhí saoirse ag na freagraithe freagra a thabhairt ar cibé ceisteanna ba mhaith leo. Ní raibh aon uasfhad ná uaslíon focal ag teastáil ach oiread.

FREAGRAÍ – TREOCHTAÍ ARDLEIBHÉIL

San iomlán, fuarthas 30 aighneacht mar fhreagra ar an sruth seo den chomhairliúchán. Rinne na geallsealbhóirí rannpháirteacha ionadaíocht do raon leathan earnálacha, lena n-áirítear cuideachtaí teicneolaíochta agus meán sóisialta, carthanais um chearta leanaí, comhlachtaí earnála poiblí, an lucht léinn, agus comhlachais trádála. Ábhar misnigh don Choimisiún ba ea an fhíríc go bhfuarthas aighneachtaí ó ghrúpaí príobháideacha, ó ghrúpaí poiblí agus ó ghrúpaí sochaí sibhialta sa chomhairliúchán seo.

AIGHNEACHTAÍ SHRUTH 1 DE RÉIR CATAGÓIR GEALLSEALBHÓRA




Fuarthas aighneachtaí ó na geallsealbhóirí seo a leanas (cuirfear na haighneachtaí sin ar fáil ar ár suíomh Gréasáin freisin):

- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- AllOne Corporate Solutions
- Gasógaíocht Éireann
- Barnardos
- An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- SuperAwesome
- Eaglais na hÉireann
- Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí
- The Pokémon Company International
- Cumann Teiripe Súgartha na hÉireann
- Grúpa daoine léinn
- Oifig an Ombudsman do Leanaí
- ProPrivacy Ltd.
- Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann
- Foras Croí na hÉireann
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
- Comhchoiste na mBainisteoirí
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Google
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- TUSLA - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
- Three Ireland
- Luath-Óige Éireann
- Teicneolaíocht Éireann
- CyberSafe Ireland
- The Software & Information Industry Association (SIIA)
- Facebook Ireland
- Castlebridge
- Snap Inc.
- Microsoft


Tugadh líon mór freagraí ar na 16 cheist ar fad a cuireadh sa chomhairliúchán seo. Mar a léirítear sa chairt thíos, tugadh freagra ar 9 gcinn ar a laghad de na 16 cheist sa doiciméad comhairliúcháin i ngeall le trí cheathrú de na haighneachtaí. Níor tugadh freagra ar níos lú ná leath na gceisteanna ach amháin i gcás 10% de na haighneachtaí. Roghnaigh roinnt freagraithe gan na ceisteanna a fhreagairt go díreach agus, ina ionad sin, thug siad freagraí de stíl aiste inar pléadh téamaí ginearálta an chomhairliúcháin san ord ba thoil leo. Mar sin féin, b'amhlaidh in an-chuid de na haighneachtaí saorfhoirme sin gur tugadh aghaidh ar roinnt ceisteanna agus gur soláthraíodh léargas ríluachmhar.

AN CÉATADÁN DEN CHEISTNEOIR A COMHLÁNAÍODH



Treocht spéisiúil eile ba ea an dóigh ar thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna a cuireadh orthu. Roghnaigh thart ar dhá dtrian de na freagraithe cur chuige saintreorach a ghlacadh, áit a raibh a gcuid freagraí comhdhéanta d'argóintí agus taighde i bhfabhar gníomh ar leith. Bhí tóir ar leith ar an modh sin i measc daoine aonair agus eagraíochtaí a bhfuil saineolas acadúil nó taighde-dhírthe acu ar chearta leanaí, lena n-áirítear comhlachais tionscail agus catagóirí áirithe d'eagraíochtaí eamnála poiblí. Roghnaigh freagraithe eile cur chuige tuairisciúil a ghlacadh, áit ar chuir siad i láthair nósanna imeachta a n-eagraíochta féin maidir le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna éagsúla a tarraingíodh anuas i gceisteanna an chomhairliúcháin. Bhí tóir ar an modh sin i measc carthanais agus cuideachtaí teicneolaíochta áirithe a oibríonn go díreach le leanaí nó a thairgeann seirbhísí go díreach dóibh.

Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil seo ar na freagraí a fuarthas ar gach ceann de na 16 cheist atá leagtha amach sa doiciméad comhairliúcháin. De bharr chineál oscailte na gceisteanna a cuireadh agus de bharr na bhfreagraí cuimsitheacha a fuarthas ó an-chuid de na freagraithe, is amhlaidh go príomha go mbeidh cineál cáilíochtúil ag na treochtaí agus na téamaí a chuirtear i láthair sa chuid eile den tuarascáil seo agus go mbeidh díriú acu ar na príomhsheasaimh agus na príomhthuaisirí a chuir geallsealbhóirí in iúl i leith gach ceiste a achoimriú.



Leanaí mar
ábhair shonraí
agus feidhmiú
a gceart
cosanta sonraí


1. Leanaí mar ábhair shonraí agus feidhmiú a gceart cosanta sonraí

Trédharcacht agus an ceart go gcuirfí ar an eolas iad

Ceanglaítear leis an Rialachán Ginearálta nach mór príomhphíosáí áirithe faisnéise a thabhairt do dhaoine aonair faoin úsáid a bhaineann eagraíocht as a sonraí pearsanta (tugtar ‘trédharcacht’ ar an oibleagáid atá ar eagraíocht an fhaisnéis sin a thabhairt) agus ceanglaítear leis nach mór an fhaisnéis sin a sholáthar i riocht atá gonta, trédharcach, intuigthe agus éasca le rochtain ach teanga shoiléir shimplí a úsáid. Sonraítear go mbaineann tábhacht ar leith leis sin i gcás go mbeidh an fhaisnéis sin á thabhairt do leanaí.

Maidir leis an bhfaisnéis trédharcachta nach mór a sholáthar i gcás go mbeidh eagraíocht ag próiseáil na sonraí pearsanta de chuid duine aonair, áirítear léi céannacht agus sonraí teagmhála na heagraíochta a bhfuil na sonraí pearsanta á mbailiú nó á n-úsáid aici; na cuspóirí agus an t-údar (ar a dtugtar an bunús dlí) ar ina leith atá na sonraí pearsanta á mbailiú nó á n-úsáid; cé leis a bhfuil na sonraí pearsanta á gcomhroinnt; cá fhad a choimeádfar na sonraí pearsanta; agus cé na cearta cosanta sonraí atá ag an duine aonair.

Mar fhreagra ar an gceist faoi cé na modhanna ba cheart d’eagraíochtaí a úsáid chun faisnéis trédharcachta a chur in iúl go héasca do leanaí, luadh i ngeall le gach ceann de na haighneachtaí nach mór fógraí faisnéise a dhéanamh níos oiriúnaí do leanaí. Ba é an tuairim ghinearálta ná gur cheart teanga shimplí a úsáid sna teachtaireachtaí atá dírithe ar leanaí nó, i gcás leanaí an-óg go háirithe, gur cheart cineálacha fuaime, cineálacha grafacha nó cineálacha eile cumarsáide atá oiriúnach d’aois agus forbairt chognaíoch an linbh a úsáid. Maidir leis na freagrachtaí sin a bhí i bhfabhar modhanna neamhthéacsúla le haghaidh an fhaisnéis trédharcachta sin a chur in iúl, amhail teachtaireachtaí fuaime nó físe, leideanna amhairc agus cluichiú, is amhlaidh, tríd is tríd, go ndearna siad ceann amháin de dhá argóint: Ba é a bhí sa chéad argóint ná gur modhanna níos nuálaí iad na modhanna sin agus go gcabhródh siad le leanaí atá ag forbairt a gcumais léitheoireachta fós tuiscint a ghnóthú ar an teachtaireacht atá á cur in iúl. Mar shampla, moladh in aighneacht amháin go gcruthófaí “físeán feasachta” ina gcuimseofaí “físeán cartúin loirg dhigitigh ina dtaispeánfaí loirg shonraí a bheith á bhfágáil ag béar bán lena bhfeiceáil ag gach duine [lena n-áirítear] míniú ar thoiú agus forbhreathnú ar na hiarmhairtí.” D’áitigh freagrachtaí eile go bhfuil sé tábhachtach go mbíonn rialaitheoirí in ann faisnéis trédharcachta a sholáthar ar an mbealach is ábhartha d’úsáideoirí a n-ardáin nó a seirbhíse. Mar shampla, luaigh ardán meán sóisialta



amháin a n-idirghníomhaíonn a úsáideoirí den chuid is mó trí íomhánna agus físeáin a chomhroinnt gur chruthaigh siad físeán príobháideachta chun eolas a thabhairt d'úsáideoirí faoi conas a úsáidtear a sonraí agus gur thaispeáin siad an físeán sin ar fhothaí nuachta na n-úsáideoirí agus ina n-ionad tacaíochta, in ionad an fhaisnéis sin a sholáthar i bhfógra príobháideachta scríofa fada. Tagraíodh san aighneacht chéanna dá éifeachtaí atá íomhánna, deilbhíní, achoimrí agus fógraí tráthúla atá oiriúnach do leanaí.


Moladh eile a raibh tóir air ba ea gur cheart d'eagraíochtaí spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí páirt a ghlacadh sa phíosa trédhearcachta, bíodh sé trí fhoirmeacha toilithe ina mionsonraítear cad atá á dhéanamh le sonraí pearsanta an linbh nó trí idirphlé ar shaincheisteanna cosanta sonraí a chothú idir thuismitheoirí agus leanaí ach spreagadh a thabhairt do leanaí labhairt le thuismitheoir/caomhnóir leo más ann d'aon rud nach dtuigeann siad i mbeartas príobháideachta nó i bhfógra faisnéise. Ba as raon leathan cúlraí do na freagraithe a bhí i bhfabhar an smaoinimh sin. Áiríodh leo cuideachtaí príobháideacha, an earnáil phoiblí, comhlachtaí ionadaíocha agus eagraíochtaí reiligiúnacha. Chuir roinnt freagraithe in iúl go mbeadh tóir i measc aosach freisin ar fhógraí atá oiriúnach do leanaí toisc go bhfuil siad níos sothuigthe ná fógraí príobháideachta dleathaíocha fada. D'fhéadfadh go mbeadh thuismitheoirí in ann iad a úsáid chun labhairt lena leanaí faoi chosaint sonraí ach tuiscint níos fearr a thabhairt dóibh ar cad is sonraí pearsanta ann agus ar an dóigh a bpróiseáiltear iad. Chomh maith leis sin, iarradh go gcruthódh eagraíochtaí níos mó acmhainní oideachasúla chun cabhrú le heolas a thabhairt do leanaí faoi shaincheisteanna teicneolaíochta, sábháilteachta agus príobháideachta. Luadh in aighneacht amháin gur dea-eiseamláir de na hacmhainní sin é an plean ceachta a d'ullmhaigh an Coimisiún do leanaí agus do dhaoine óga mar chuid den dara sruth den chomhairliúchán. Moladh in aighneachtaí eile gur cheart d'eagraíochtaí a bhfuil sé ar a n-acmhainn déanamh amhlaidh a leabhráin faisnéise féin a tháirgeadh do leanaí. Ag an deireadh ar fad, moladh i roinnt aighneachtaí go n-ullmhófaí fógraí príobháideachta cisealaithe a d'fhéadfaí a chur in oiriúint d'aibíocht an úsáideora.

Fógraí príobháideachta atá sonracha do leanaí

Níor thángthas ar chomhaontú ar an gceist faoi cé acu ba cheart nó nár cheart ceangal a chur ar eagraíochtaí a thairgeann seirbhísí d'aosaigh agus do leanaí araon dhá thacar fógraí príobháideachta (ceann amháin do leanaí agus ceann amháin d'aosaigh) a ullmhú. Tríd is tríd, bhí carthanais agus eagraíochtaí eárnála príobháidí i bhfabhar an mholta sin. Ar an taobh eile, bhí formhór na gcuideachtaí teicneolaíochta ina éadan. Maidir leis na

freagraithe sin a bhí i bhfabhar an mholta, leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le faisnéis atá oiriúnach do gach duine a úsáideann tairge nó seirbhís a sholáthar. Mar sin féin, chuir roinnt geallsealbhóirí inmí in iúl go bhféadfadh an ceanglas sin ualach neamhriachtanach a leagan ar eagraíochtaí.

AR CHEART DHÁ THACAR AR LEITH D'FHAISNÉIS TRÉDHEARCACHTA ATÁ CURTHA IN OIRIÚINT DON LUCHT LÉITHEOIREACHTA LENA MBAINEANN A SHOLÁTHAR?




Maidir leis na freagraithe sin a bhí in éadan an mholta go soláthrófaí dhá thacar fógraí príobháideachta, b'amhlaidh den chuid is mó gur leag siad béim ar an éiginnteacht dhlíthiúil a d'fhéadfadh teacht as dhá thacar fógraí príobháideachta a bheith ann nó gur áitigh siad gur cheart féidearthacht a bheith ann fógra aonair atá oiriúnach d'aosaigh agus do leanaí araon a sholáthar, mar shampla trí úsáid a bhaint as fógraí faisnéise cisealaithe ina gcuimsítear rudaí amhail ábhar closamhairc, fógraí tráthúla, agus grafaicí. D'áitigh freagraithe eile gur cheart paireacht ábhair a bheith mar chuspóir ag gach eagraíocht ach gurb amhlaidh, dá ainneoin sin, go bhféadfadh go mbeadh dhá thacar fógraí príobháideachta ag teastáil in imthosca áirithe. Luaigh eagraíocht rannpháirteach amháin ar a laghad go mbeadh sí ag foilsíú leagan a bheadh oiriúnach do leanaí dá fógra príobháideachta i gceann bliana.

Ceartha cosanta sonraí a fheidhmiú

Bhí spéis ar leith ag freagraithe sna ceisteanna comhairliúcháin faoi cén aois ba cheart a bheith bainte amach ag leanaí sular cheart dóibh cead a bheith acu a gcearta cosanta sonraí féin a fheidhmiú nó faoi cé na himthosca ar cheart do leanaí cead a bheith acu iad a fheidhmiú iontu. Sa chart seo a leanas, déantar comparáid idir na freagraí a tugadh ar cheist 3 agus ar cheist 6 den doiciméad comhairliúcháin. Bhain na ceisteanna sin faoi seach leis an aois ba cheart a bheith bainte amach ag leanaí sular cheart dóibh cead a bheith acu iarrataí ar rochtain agus iarrataí ar léirsciosadh a dhéanamh. Cé gur thug a lán freagraithe an t-aon fhreagra amháin

ar an dá cheist (agus a scríobh “mar atá thuas” nó “féach thuas” sna haighneachtaí uathu go minic), bhí roinnt difríochtaí spéisiúla ann sna freagraí a tugadh:



Ba é an freagra ba choitianta ar an dá cheist ná gur cheart do leanaí cead a bheith acu na hiarrataí sin a dhéanamh ag aois ar bith. I gcás roinnt mhaith de na freagraithe a thug an freagra sin, áfach, luaigh siad freisin gur cheart do leanaí na hiarrataí sin a dhéanamh ach leibhéil dhifriúla chomhair agus idirphlé a bheith acu lena dtuismitheoirí nó lena gcaomhnóirí. Is díol spéise é gur mó an líon aighneachtaí a bhí i bhfabhar cead a bheith ag leanaí iarrataí ar léirscríosadh a dhéanamh ag aois ar bith ná an líon aighneachtaí a bhí i bhfabhar cead a bheith ag leanaí iarrataí ar rochtain a dhéanamh ag aois ar bith. I bhfocail eile, is amhlaidh gur bhreathnaigh freagraithe gur dhá shaincheist leithleacha iad na cearta sin in ionad breathnú orthu mar chuid den aon cheart uileghabhálach amháin chun cearta cosanta sonraí a fheidhmiú. Bhí an chuma air go raibh tuairim níos atharthaíche ag freagraithe maidir le cead a thabhairt do leanaí iarrataí ar rochtain a chur isteach ag aois ar bith, cé go raibh siad i bhfabhar níos mó saoirse a thabhairt nuair a bhí iarrataí ar léirscríosadh i gceist.

Maidir leis na freagraithe sin a bhí i bhfabhar cead a thabhairt do leanaí iarrataí ar rochtain a dhéanamh ag aois ar bith, ba mhínic a tharraing siad aird ar an bhfíric gur féidir go mbeidh cúnaimh ó thuismitheoirí ag teastáil ó leanaí chun a chinntiú go gcloífeadh leis an iarraidh ar rochtain uathu agus chun na sonraí pearsanta arna seoladh ar ais chucu a scrúdú agus a thuiscint. Maidir leis na freagraí a bhí i bhfabhar cead a thabhairt do leanaí iarrataí ar léirscríosadh a dhéanamh ag aois ar bith, ba mhínic a bhí siad bunaithe ar aird a thabhairt ar na cearta bunúsacha atá ag leanaí, go háirithe in imthosca inar thug leanbh toiliú roimhe sin le próiseáil gan láneolas a bheith aige/aici ar na rioscaí agus ina bhfuil sé/sí ag iarraidh anois go scríosfaí a shonraí/sonraí pearsanta.




Roghanna eile ar thosca aoisbhunaithe

Bhí formhór na bhfreagrach ag iarraidh a chur in iúl nach bhfuil aois ina haonar ina méadrach foirfe le haghaidh measúnú a dhéanamh ar an gcumas atá ag leanbh chun a chearta/cearta cosanta sonraí a fheidhmiú, agus d'iarr siad go gcuirfí raon leathan toska breise san áireamh. Thug a lán freagrach tús áite d'fhorbairt chognaíoch an linbh agus luaigh siad go mbíonn difríocht shuntasach ann san fhorbairt intleachtach agus mhothúcháinach i measc leanaí atá ar chomhaois, go háirithe le linn na luath-ógántachta. Luaigh roinnt freagrach go bhféadfaí leibhéal oideachais an linbh, a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim agus a thaifid/taifid araíonachta, más ann, a úsáid mar chritéir ábhartha freisin. Bhí freagrach eile ag smaoineamh níos mó ar a shoghonta atá an leanbh, ar a staid teaghlaigh agus ar na himthosca faoina n-eisítear an iarraidh ar léirsciosadh nó ar rochtain. Chuir roinnt eagraíochtaí in iúl freisin gur cheart tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar leanaí a bhfuil soghontacht ar leith acu, amhail leanaí faoi mhíchumas nó mionaaisigh fhuascailte.

Rannpháirtíocht tuismitheora

I dtaca le rannpháirtíocht tuismitheora, aontaíodh i bhformhór na n-aighneachtaí gur cheart teorainn a bheith ann le cumas an tuismitheora nó an chaomhnóra chun cearta cosanta sonraí an linbh leis/léi a fheidhmiú, go háirithe maidir le leanaí atá ag aois an toilithe dhigitigh (i.e. 16 bliana d'aois) nó atá ag druidim leis an aois sin. Mheas an chuid is mó díobh gur cheart do thuismitheoirí cead a bheith acu na cearta sin a fheidhmiú thar ceann leanaí óga ach gur cheart do dhéagóirí ionchur nó smacht a bheith acu sa ní go pointe éigin. Leagadh béim i roinnt aighneachtaí gur leis an leanbh na cearta sin agus nach leis an tuismitheoir iad. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbíonn cead ag na leanaí iad féin na cearta a fheidhmiú, go háirithe i gcásanna ina bhfuil siad ag easaontú lena dtuismitheoirí.

D'aontaigh an chuid is mó d'fhreagrach gur cheart do leanaí cead a bheith acu a gcearta a fheidhmiú ó 16 bliana d'aois ar aghaidh. Ba cheart spreagadh a thabhairt dóibh tacaíocht agus comhairle a fháil óna dtuismitheoirí agus iad ag feidhmiú a gceart cosanta sonraí. Mar sin féin, níor cheart aon oibleagáid a bheith orthu déanamh amhlaidh. Mheas roinnt freagrach gur cheart do thuismitheoirí an chumhacht a bheith acu fós idirghabháil a dhéanamh in imthosca eisceachtúla chun leasanna ríthábhachtacha an linbh a chosaint, amhail i gcásanna ina bhfuil ciapadh ar líne nó cibearbhulaíocht ar siúl, nó i gcásanna inar chuir leanaí iad féin i mbaol. Bhí freagrach eile airdeallach ar an riosca go mbainfeadh tuismitheoirí atá comhéigneach nó scartha úsáid as na cumhachtaí sin chun dochar a dhéanamh dá leanaí.




Luadh i roinnt aighneachtaí an treoir reatha ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise, rud atá ar fáil in Éirinn faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Baineann an treoir sin le próiseáil a dhéanamh ar iarrataí saorála faisnéise ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir atá ag iarraidh rochtain a fháil ar thaifid linbh. Luadh sna haighneachtaí go bhféadfadh an treoir sin a bheith ina pointe tagartha cuí le haghaidh déileáil le hiarrataí ó thuismitheoirí nó ó chaomhnóirí ar chearta cosanta sonraí an linbh a fheidhmiú thar ceann an linbh. Faoi mar a leagadh amach in aighneacht amháin, áirítear leis na nótaí treorach saorála faisnéise roinnt tosca is féidir a bhreithniú i gcás go bhfaighfear iarraidh ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir agus go mbainfidh an taifead le leanbh. Áirítear leo sin:

- Aois an linbh – de réir mar a théann an leanbh níos gaire do 16 bliana d’aois/18 mbliana d’aois, is amhlaidh is mó tábhacht ba cheart a leagan ar thuairim an linbh ar cé acu ba cheart nó nár cheart taifid a eisiúint;
- Cé acu atá nó nach bhfuil na taifid á gcoimeád in ainm an linbh é/í féin;
- Cineál na dtaifead – cé chomh híogair is atá an fhaisnéis; an bunús dá comhroinnt ag an leanbh, i measc nithe eile;
- Cineál an chaidrimh idir an leanbh agus an thuismitheoir/caomhnóir – e.g. an ann d’aon orduithe cúirte a bhaineann le rochtain tuismitheora nó le freagracht tuismitheoireachta a d’fhéadfadh a bheith i bhfeidhm (i measc nithe eile)?
- Cé acu a thoileodh nó nach dtoileodh an leanbh leis an eisiúint chuig an thuismitheoir agus aon bharúlacha nó tuairimí arna gcur in iúl ag an leanbh – e.g. an bhfuil aon dualgas rúndachta dlite don leanbh?
- Cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go ndéanfaí damáiste don leanbh ar bhealach ar bith dá ndeonófaí rochtain ar an taifead; agus
- Cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfreastalófaí ar leasanna is fearr an linbh dá ndeonófaí rochtain ar an taifead.

Maidir leis na haighneachtaí a bhí i bhfabhar an cur chuige saorála faisnéise a leanúint, glacadh an seasamh iontu gurb ionann an córas bunaithe saorála faisnéise sin agus teimpléad oiriúnach le haghaidh déileáil le hiarrataí arna ndéanamh ag thuismitheoir/caomhnóir ar chearta cosanta sonraí an linbh leis/léi a fheidhmiú thar ceann an linbh.





Coimircí




II. Coimircí

Modhanna fíoraithe aoise

In Éirinn, ní fhéadfaidh rialaitheoirí sonraí is soláthraithe seirbhísí ar líne a bheith ag brath ar thoiliú arna thabhairt ag leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois (“aois an toilithe dhigitigh”) chun a sonraí pearsanta a phróiseáil. Ina ionad sin, ní mór toiliú a fháil ó thuismitheoir. I bhfocail eile, ní mór don duine a bhfuil freagracht tuismitheoireachta air/uirthi as an leanbh an toiliú a thabhairt. Mar sin féin, ceanglaítear leis an Rialachán Ginearálta nach mór don soláthraí seirbhísí ar líne “iarrachtaí réasúnta” a dhéanamh chun a fhíorú gur thug sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta toiliú, agus “an teicneolaíocht atá ar fáil á cur san áireamh”.

I dtaca leis an gceist faoi cé na modhanna ba cheart a úsáid chun a fhíorú go bhfuil aois an toilithe dhigitigh bainte amach ag an leanbh (i gcás gurb é toiliú an bunús dlí do shonraí pearsanta an linbh a phróiseáil), mhol geallsealbhóirí roinnt réiteach. Áirítear leo sin:

- Geataí aoise a chur chun feidhme, áit ar féidir le leanaí lá/mí/ bliain a mbreithe a iontráil go saor nó úsáid a bhaint as roghchlár anuas ina dtugtar aoiseanna atá faoi bhun aois an toilithe dhigitigh agus aoiseanna atá os a cionn araon. Moladh in aighneacht amháin go gcuirfí tuilleadh beart teicniúil chun feidhme chun cosc a chur ar úsáideoirí an cnaipe ‘siar’ a bhrú má iontrálann siad aois atá faoi bhun aois an toilithe dhigitigh.
- Iarraidh ar úsáideoirí cruthúnas céannachta oifigiúil a sholáthar, rud a scriostar lom láithreach. Dá ainneoin sin, d’admhaigh an-chuid de na freagraithe a mhol an réiteach sin go mbeadh sé doiligh seasamh leis an iarraidh mar thoradh ar phrionsabal an íoslghdaithe sonraí agus ar an ngealltanais iarmhartach nach mbaileofaí ach an t-íosmhéid sonraí a theastaíonn chun cuspóirí na gníomhaíochtaí próiseála a bhaint amach.
- Foirmeacha toilithe atá sínithe ag an thuismitheoir agus ag an leanbh araon
- Fíorú dhá chéim, amhail ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs nó glaonna teileafóin ar thuismitheoirí nó ar chaomhnóirí
- Úsáid a bhaint as seirbhísí sábháilte fíoraithe tríú páirtí
- Fíorú ar leibhéal an ghléis – in aighneacht amháin, tugadh sampla sonracha a bhain le haipeanna fón póca. Luadh san aighneacht sin go bhfuil baint ag tríú páirtí, amhail iompróir líonra mhóibíligh nó siopa aipeanna an ardáin, le roinnt mhaith de na haipeanna is féidir le leanbh a íoslódáil ar a ghléas/gleas móibíleach. Chun na haipeanna sin a úsáid, ní mór don chustaiméir cuntas a bheith aige/aici leis an iompróir líonra mhóibíligh nó leis an siopa aipeanna. Bhíothas den tuairim san aighneacht go bhfuil deiseanna ag na gnóthais tríú páirtí sin gné fíordheimhnithe aoise atá ceangailte le cuntas an chustaiméara a choinneáil ar bun.




I gcás go mbeidh fonn ar leanbh aip lena bpróiseáiltear sonraí pearsanta a íoslódáil, is féidir an cuntas tríú páirtí a úsáid chun aois a fhíorú.


- Modh na “seiceála eolais” ina n-iarrtar faisnéis nach dóigh di bheith ar eolas do dhaoine atá faoi bhun 16 bliana d’aois.

Chuir roinnt freagrathaithe in iúl gur ag brath ar an gcomhthéacs, amhail an tseirbhís atá á soláthar agus íogaireacht na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil, a bheadh an cur chuige is oiriúnaí i leith fíorú aoise. Luaigh roinnt eagraíochtaí go bhféadfadh nach mbeadh fíorú aoise ar an réiteach is fearr. Luaigh geallsealbhóir amháin nach mór dúinn timpeallacht a chruthú ina measann leanaí gur féidir leo bheith ionraic faoina n-aois nuair a chláraíonn siad do sheirbhís ar líne agus, má dhearbhaíonn leanbh go bhfuil sé/sí faoi bhun 16 bliana d’aois, ba cheart coimircí éagsúla teacht chun cinn, mar shampla teachtaireachtaí oideachasúla aníos a sholáthar, gan aon sonraí pearsanta a bhailiú, scagadh cuí a dhéanamh, i measc nithe eile. Luaigh eagraíocht eile nár cheart do rialaitheoirí sonraí bheith in ann brath ar thoilíú mar bhunús dleathach do shonraí pearsanta leanaí a phróiseáil mura bhfuil siad in ann a thaispeáint go soiléir go bhfuil bearta fíoraithe aoise atá éifeachtach agus comhréireach i bhfeidhm acu.

Ceist eile a cuireadh ar gheallsealbhóirí ba ea “Cé na modhanna is féidir le soláthraithe seirbhísí ar líne a úsáid chun a chinntiú gur sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta as an leanbh é/í an duine atá ag tabhairt an toilithe?” Cuireadh amhras in iúl i roinnt aighneachtaí nach bhféadfaí é sin a dhéanamh ar bhealach nach gcuirfeadh isteach ar an Rialachán Ginearálta. Mhol eagraíocht amháin go mbainfí úsáid as baic amhail teachtaireachtaí aníos a thagann i láthair sula dtugann an tuismitheoir toiliú, áit a dtugtar rabhaidh faoi fhíneálacha nó faoi bhac a chur ar úsáideoirí an suíomh a úsáid má mhaíonn siad go calaoiseach go bhfuil siad ar shealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta as an leanbh. Mhol eagraíocht eile go n-iarrfaí síniú leictreonach an tuismitheora chun drochaisteoirí féideartha a dhíspreagadh. Iarradh ina lán aighneachtaí go nglacfaí cur chuige rioscabhunaithe comhréireach, áit a bhféadfaí cruthúnas céannachta a iarraidh ó thuismitheoirí le haghaidh sonraí íogaire agus/nó próiseáil ardriosca agus a bhféadfaí fíorú ríomhphoist nó téacs a iarraidh le haghaidh próiseáil ísealriosca. Cuireadh in iúl i roinnt aighneachtaí gur réimse casta dlí é sin ó thaobh caomhnóireachta de agus go bhfuil difríochtaí ann ar fud Bhallstáit an Aontais Eorpaigh sna forálacha dlíthiúla atá i bhfeidhm maidir le freagracht tuismitheoireachta a fheidhmiú, rud a fhágann go bhfuil sé fíordhoiligh réiteach aonair a chur chun feidhme.

Luaigh eagraíochtaí eile na modhanna a úsáideann an Coimisiún Feidearálach Trádála sna Stáit Aontaithe faoin Children’s Online Privacy Protection Act, nó “COPPA” mar a thugtar air. Áirítear leo sin bailíochtú a dhéanamh ach glao a chur ar uimhir atá saor ó dholaí agus a bhfuil pearsanra oilte mar fhoireann di; freagra a





thabhairt ar roinnt ceisteanna dearbhaithe eolasbhunaithe nach mbeadh ach tuismitheoir in ann iad a fhreagairt go héasca; nó micríocaíocht a dhéanamh ar chárta creidmheasa. Luaigh roinnt geallsealbhóirí, áfach, go bhféadfadh an moladh deireanach sin a bheith ina réiteach eisiach toisc gur mheas siad go bhféadfadh sé úsáideoirí nach bhfuil rochtain ar chárta creidmheasa acu a chur faoi mhíbhuntáiste.

I dtaca le cad a bheadh i gceist le “iarracht réasúnta” ag rialaitheoirí sonraí céannacht tuismitheoir an linbh nó chaomhnóir an linbh a fhíorú, bhí formhór na bhfreagrathaithe den tuairim go mbeadh sé sin ag brath ar roinnt tosca. Áirítear leo sin na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil agus soghontacht an linbh agus, i gcás go mbeidh ardriosca i gceist, ba cheart na hiarrachtaí a dhéanann an eagraíocht chun sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta a fhíorú a bheith ag teacht leis an gcur chuige sin.


Rochtain ar sheirbhísí ar líne a tairgeadh roimh theacht in éifeacht an Rialacháin Ghinearálta do leanaí atá faoi bhun aois an toilithe dhigitigh a tharraingt siar

I gceann amháin de na ceisteanna comhairliúcháin, iarradh ar fhreagrathaithe breithniú a dhéanamh ar chás inar thug leanbh idir 13 bliana d’aois agus 15 bliana d’aois toiliú roimh an 25 Bealtaine 2018 do sheirbhís sochaí faisnéise a shonraí/sonraí pearsanta a phróiseáil chun go mbeadh sé/sí in ann an tseirbhís a úsáid. Mar thoradh ar theacht in éifeacht an Rialacháin Ghinearálta, ar cheart an leanbh a ghlásáil amach as seirbhís go dtí go mbainfidh sé/sí 16 bliana d’aois amach más rud é go bhfuil an leanbh faoi bhun 16 bliana d’aois agus gurb é toiliú an bunús dlí don phróiseáil fós? Ba é an freagra ba choitianta ar an gceist sin ná nár cheart leanaí a ghlásáil amach as seirbhísí ar chláraigh siad dóibh go dleathach roimh an Rialachán Ghinearálta. Tríd is tríd, ba charthanais agus eagraíochtaí um chearta leanaí iad na freagrathaithe sin a bhí i bhfabhar deireadh a chur le rochtain ar an tseirbhís sin. D’áitigh siad go bhfuil an dlí soiléir agus go bhfuil sé in éadan an dlí d’eagraíochtaí na sonraí pearsanta de chuid leanaí faoi bhun aois an toilithe dhigitigh a phróiseáil gan toiliú a fháil ó thuismitheoir. Áitíodh i roinnt aighneachtaí, áfach, gur cheart go bhféadfaí an fhadhb sin a sheachaint ach cead a thabhairt do na rialaitheoirí sonraí lena mbaineann a seirbhísí a oiriúnú dá réir nó leanaí faoi bhun 16 bliana d’aois a spreagadh toiliú cúlghabhálach ó thuismitheoir a sholáthar. Ba in aghaidh an mholta sin a bhí formhór na n-aighneachtaí a fuarthas ón earnáil phríobháideach. Áitíodh i gceann amháin go ndéanfaidh aistriú tobann den sórt sin dochar do leanaí a bhíonn ag brath ar an tseirbhís (e.g. chun críocha staidéar a dhéanamh). Áitíodh freisin go mbeadh sé neamhchothrom an Rialachán Ghinearálta a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach maidir le próiseáil a bhí dleathach roimh an 25

Bealtaine 2018. Cuireadh in iúl in aighneachtaí eile go mbeadh sé doiligh moladh den sórt sin a fhorfheidhmiú sa chleachtas.

Soláthraithe seirbhísí ar líne agus aoiseanna toilithe dhigitigh atá difriúil i dtíortha difriúla san Aontas Eorpach (Airteagal 8 den Rialachán Ginearálta)

Mar fhreagra ar an gceist faoi conas ba cheart do rialaitheoirí sonraí cloí le haoiseanna difriúla toilithe dhigitigh ar fud an Aontais Eorpaigh, ba é an moladh ba choitianta ná gur cheart do sholáthraithe seirbhísí ar líne a chinntiú go mbíonn an teicneolaíocht chuí agus/nó an bonneagar cuí i bhfeidhm acu chun comhlíonadh a dhéanamh ar na ceanglais i ngach tír ina dtairgeann siad a seirbhísí. Ar na samplaí díobh sin bhí boscaí anuas a sholáthar ar a leathanach baile chun cur ar chumas leanaí a dtír chónaithe a roghnú; faireachán a dhéanamh ar sheoladh IP an úsáideora; geataí aoise a úsáid; nó fearainn éagsúla suímh Ghréasáin a chur ar bun. Áiríodh le moltaí eile an dlí is infheidhme i ngach tír ar leith a shainaithint agus a chur i bhfeidhm, nó neamhaird a thabhairt ar na tairseacha difriúla aoise agus, ina n-ionad sin, an tairseach aoise is airde san Aontas Eorpach a chur i bhfeidhm toisc go mbeadh sé an-doiligh tairseacha difriúla a chur chun feidhme. Iarradh in aighneacht amháin go mbeadh “eagraíocht ábhartha amhail an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí” ar an bhfoinse oifigiúil le haghaidh acmhainn atá lárraithe agus ar fáil don phobal a sholáthar, rud lena ndéanfaí aoiseanna an toilithe dhigitigh i ngach Ballstát ar leith a liostú i bhformáid sholáite agus lena míneofaí na maoluithe ar “aois an toilithe dhigitigh” arna ndéanamh ag Ballstáit den Aontas Eorpach.



Próifíliú agus gníomhaíochtaí margatóchta lena mbaineann leanaí

(Airteagail 21-22 den Rialachán Ginearálta)

III. Próifíliú agus gníomhaíochtaí margaíochta lena mbaineann leanaí (Airteagail 21-22 den Rialachán Ginearálta)

Ní chuirtear toirmeasc sainráite leis an Rialachán Ginearálta ar eagraíochtaí margaíocht nó fógraíocht atá dírithe ar leanaí a dhéanamh. Sonraítear sa Rialachán Ginearálta, áfach, gur cheart dóibh úsáid a bhaint as cosaintí sonracha do leanaí nuair atá siad ag díriú margaíocht orthu nó ag cruthú próifíilí úsáideora orthu. De bhreis air sin, is é an chomhairle a thugtar sa treoir chomhchoiteann ar eisigh údaráis chosanta sonraí an Aontais Eorpaigh (an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (“an Bord Eorpach”)) iad ná gur cheart d’eagraíochtaí staonadh go ginearálta ó phróifíilí aonair ar leanaí a chruthú chun críocha margaíochta toisc go mbíonn leanaí níos soghonta. Tá sé de cheart ag gach duine aonair (leanaí san áireamh) agóid a dhéanamh ag am ar bith in aghaidh phróiseáil a sonraí chun críocha margaíochta díri.

Mar fhreagra ar an gceist faoi na tosca ba cheart a chur san áireamh le linn leasanna dlisteanacha na heagraíochta í féin i margaíocht dhíreach a dhéanamh a chothromú le leasanna agus cearta an linbh a bhfuiltear ag déanamh margaíocht air/uirthi, moladh tosca amhail na cinn seo a leanas i roinnt aighneachtaí:


- forbairt chognaíoch agus feasacht shóisialta an linbh
- an riosca go ndéanfaí dochar atá bainteach leis an gcineál táirge nó seirbhíse a bheith á thairiscint/á mhargú don leanbh
- cé chomh cunórach nó chomh híogair is atá na sonraí atá á bpróiseáil chun an leanbh a phróifíliú
- cumas an linbh chun an fhaisnéis a phróiseáil go cuí
- acmhainn an linbh a thuiscint go bhfuil an ceart aige/aici chun agóid a dhéanamh

Áitíodh i bhformhór na n-aighneachtaí gur cheart tuilleadh tábhachta a leagan ar chearta agus leasanna an linbh le linn aon tástála cothromaithe a dhéanamh agus nár cheart an easpa tuisceana atá ag leanbh a dhúshaothrú ar chúiseanna tráchtála. Bhíothas den tuairim freisin nár cheart tábhacht a bheith ag leasanna dlisteanacha an rialaitheora sonraí ach amháin in imthosca teoranta, amhail cásanna ina bhfuil sé riachtanach sonraí pearsanta a phróiseáil chun a chinntiú gur do dhuine, agus ní do bhota, a thaispeántar fógraí. Bhíothas den tuairim freisin gur cheart dualgas a bheith ar an rialaitheoir sonraí a leas dlisteanach a thaispeáint i gcás go mbeidh leas dlisteanach aige.

Leanaí a phróifiliú chun críocha margaíochta

Chuireamar ceist ar gheallsealbhóirí faoi cé acu atá nó nach bhfuil siad den tuairim gur cheart toirmeasc a chur ar eagraíochtaí leanaí a phróifiliú chun críocha margaíochta. De na haighneachtaí sin a bhí i bhfách go soiléir le taobh amháin, bhí 61% i bhfabhar toirmeasc a chur ar eagraíochtaí leanaí a phróifiliú agus d'eaontaigh 39% (cuideachtaí teicneolaíochta go príomha) leis an toirmeasc. Maidir leo sin a bhí in éadan an toirmisc, d'áitigh siad den chuid is mó nach gcuirtear toirmeasc sainráite ar chinnteoireacht aonair uathobrithe (lena n-áirítear próifiliú) le hAirteagal 22 den Rialachán Ginearálta i gcás leanaí más rud é nach bhfuil éifeacht dhlíthiúil nó éifeacht shuntasach chomhchosúil ag an bpróiseáil sin. Bhíothas den tuairim sna haighneachtaí sin nár cheart aon fhadhb a bheith ann le leanaí a phróifiliú chun críocha margaíochta ar an gcoinníoll go mbíonn coimirce láidre i bhfeidhm ag eagraíochtaí, agus nár cheart do thuismitheoirí cead a bheith acu a chinneadh cé acu ba mhaith nó nár mhaith leo go bhfaigheadh a leanaí cumarsáidí margaíochta.


AR CHEART TOIRMEASC A CHUR AR EAGRAÍOCHTAÍ LEANAÍ A PHRÓIFILIÚ CHUN CRÍOCHA MARGAÍOCHTA?



Maidir leis na freagraithe sin a bhí in éadan leanaí a phróifiliú chun críocha margaíochta, chuir siad in iúl nach coimirce leordhóthanach é toiliú ó thuismitheoir ós rud é go bhfuil a lán aosach, gan trácht ar leanaí, neamheolach ar chainníocht agus cáilíocht na sonraí pearsanta is féidir a nochtadh le linn gnáthghníomhaíochtaí ar líne. Dar leo, is cúis imní ar leith é sin ó thaobh leanaí de toisc go mbíonn siad leochaileach agus soghabhálach i leith fógraíocht ar líne. Luadh in aighneacht amháin gur aimsíodh ina lán cásanna nach measann leanaí go hiomasach go mbíonn a n-idirghníomhaíochtaí sóisialta ar líne faoi réir faireachán leanúnach, cé go bhfuil taighde ann á léiriú go bhfuil siad níos eolaí ar chleachtais tráchtála den sórt sin. Luadh san aighneacht sin freisin nár cheart aon údar a bheith ann le próifiliú leanaí d'aois ar bith a cheadú toisc go mbíonn éifeachtaí diúltacha ag cleachtais

tráchtála den sórt sin sa chuid is mó de chásanna, go háirithe toisc go bhfuil easpa taithí agus aibíochta acu.

In aighneacht eile, cuireadh imní in iúl faoi 'chluichí fógraíochta' ina gcomhcheanglaítear fógraí ar líne le cluichí is féidir a imirt saor in aisce. Áitíodh san aighneacht go mbeireann na cluichí sin buntáiste ar leanaí nach bhféadfadh a thuiscint, mar thoradh ar an easpa taithí atá acu, go bhfuil fógraíocht á spriocdhíriú orthu agus go bhfuil siad ag comhroinnt a sonraí pearsanta nuair a imríonn siad na cluichí sin. Cuireadh imní in iúl in aighneachtaí eile go rachfaí i bhfeidhm ar fhorbairt chognaíoch agus shíceolaíoch leanaí agus daoine óga dá nochtfaí iad d'fhógraíocht spriocdhírthe. Thuairiscigh an freagraí in aighneacht amháin go ndeachaigh sé i ndáil chomhairle le leanaí go díreach i dtaca leis an tsaincheist sin agus gur chuir roinnt de na leanaí sin in iúl go soiléir go bhfuil siad in éadan cead a bheith ag eagraíochtaí iad a phróifiliú.



Cosaint sonraí
trí dhearadh
agus mar
réamhshocrú
(Airteagal 25 den
Rialachán Ginearálta)

IV. Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú (Airteagal 25 den Rialachán Ginearálta)

Leis an Rialachán Ginearálta, cuirtear oibleagáid nua um chosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú ar eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta. Fágann sé sin gur cheart cosaint sonraí agus cosaint príobháideachta a bheith ar áireamh i dtáirge nó i seirbhís ón gcéad lá de phróiseas an deartha (in ionad iad a chur san áireamh tar éis chéim na forbartha) agus gur cheart feidhm uathoibríoch a bheith ag na socruithe príobháideachta is doichte maidir le táirge nó seirbhís (in ionad dualgas a bheith ar an úsáideoir na socruithe sin a ghníomhachtú). Baineann na hoibleagáidí sin le hábhar go háirithe do na heagraíochtaí sin a bhfuil a gcuid táirgí nó seirbhísí á n-úsáid ag leanaí nó á dtairiscint dóibh. Maidir leis an gceist faoi na bealaí is fearr a d'fhéadfaí prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a chur ar áireamh sna seirbhísí agus sna táirgí a n-úsáideann leanaí iad, thug rannpháirtithe raon leathan freagraí lena bhain bearta teicniúla agus bearta eagraíochtúla araon. Tá na nithe seo a leanas i measc na moltaí a chuir freagraithe ar aghaidh:


- Nósanna imeachta lena gcinntítear íoslaghdu sonraí a chur chun feidhme: Moladh i bhformhór mór na n-aighneachtaí go gcoinneofaí sonraí pearsanta leanaí ar feadh na tréimhse is giorra is féidir agus go gcuirfí tréimhsí coinneála dochta chun feidhme. Mhol roinnt geallsealbhóirí go ndéanfadh rialaitheoirí sonraí ainmneacha a bhaint de gach catagóir de shonraí pearsanta leanaí, ainmneacha bréige a úsáid iontu agus iad a chur in eagar fiú.
- Srianadh/rialú a dhéanamh ar an rochtain ar shonraí pearsanta leanaí atá ag baill foirne inmheánacha
- A roghnú go ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil ar ghléas an linbh, in ionad na sonraí sin a aistriú chuig córais bhreise
- Faisnéis príobháideachta atá cisealaithe agus oiriúnach do leanaí a sholáthar, ar faisnéis í a mbíonn rochtain ag leanaí uirthi ar fud a n-eispéiris úsáideora
- Sásraí soiléire toilithe a thabhairt lena gcuirtear ar chumas leanaí toiliú a aisghairm ag am ar bith
- Beartais agus rialuithe teicniúla a chruthú agus a choinneáil ar bun agus seasamh leo sin maidir le sonraí pearsanta leanaí a bhailiú, a choimeád agus a chomhroinnt, i measc nithe eile
- A chinntiú go dtaispeántar socruithe príobháideachta in áit fheiceálach ar shuíomh Gréasáin nó in aip chun gur féidir le leanbh iad a rochtain go héasca agus ag am ar bith
- Geoshuíomh a chur as mar réamhshocrú d'úsáideoirí is leanaí
- A chinntiú go mbíonn feidhm ag na socruithe príobháideachta is

doichte maidir le leanaí mar réamhshocrú

- Toirmeasc a chur ar fhógraí Idirlíonbhunaithe a sholáthar do leanaí a shainaithnítear a bheith faoi bhun 16 bliana d'aois
- Oiliúint i gcosaint sonraí a chur go rialta ar an bhfoireann ar fad

Socruithe príobháideachta ionsuite do leanaí

Chuir an Coimisiún ceist freisin faoi cé acu ba cheart nó nár cheart réamhshocruithe príobháideachta ionsuite a athraíonn de réir aois agus acmhainn mhéadaitheach an linbh a bheith ag táirgí/seirbhísí atá á n-úsáid ag leanaí nó atá á dtairiscint dóibh. Bhí formhór na n-aighneachtaí i bhfabhar an phrionsabail go mbeadh réamhshocruithe príobháideachta níos airde i bhfeidhm do leanaí. Mar sin féin, cuireadh amhras in iúl i roinnt díobh gurb é aois an méadrach is fearr le haghaidh é sin a chinneadh. Luadh iontu, mar shampla, nach bhfuil aon difríocht ann, de réir an dlí, idir leanaí atá 6 bliana d'aois agus leanaí atá 14 bliana d'aois agus gur cheart caitheamh leo ar an aon bhealach amháin ó thaobh príobháideachta de. Tugadh rabhadh in aighneachtaí eile go mbeadh sé doiligh an moladh a chur chun feidhme sa chleachtas nó go bhféadfadh go dtiocfadh sé salach ar phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí. Mar thoradh air sin, bhí an chuid is mó d'aighneachtaí i bhfabhar réamhshocruithe príobháideachta níos airde a bheith ann do gach leanbh, beag beann ar aois. Rinneadh moltaí go bhféadfadh leanaí socruithe príobháideachta níos réchúisí a roghnú de réir mar a théann siad in aois. Moladh freisin gurbh amhlaidh, i gcás go roghnóidh leanbh socruithe níos poiblí, gur cheart rogha a bheith ann toiliú ó thuismitheoir a chur ar áireamh mar phróiseas fíoraithe dhá chéim féideartha nó go bhféadfaí rabhaidh/fógraí tráthúla a sholáthar do leanaí i bhformáid inrochtana, amhail grafaicí nó carachtair chartúin, agus béim á leagan ar na rioscaí a bhfuil an leanbh nochta dóibh, in ionad fógra rabhaidh atá trom ar théacs a thabhairt.



Ginearálta

V. Ginearálta

Thug freagraithe raon leathan freagraí ar an gceist faoi cé acu a bhí nó nach raibh aon saincheisteanna eile ann ba mhaith leo a tharraingt anuas mar chuid den chomhairliúchán. Thug roinnt díobh aiseolas cuiditheach maidir le paraiméadair an chomhairliúcháin a leathnú agus a fhorbairt. Mar shampla, moladh i roinnt aighneachtaí go dtabharfaí níos mó airde ar chearta na leanaí faoi mhíchumas a chosaint, go háirithe ós rud é go mbíonn siad ag brath níos mó ar sheirbhísí ar líne in amanna. Bhí freagraithe eile ag iarraidh níos mó deiseanna le tuairimí agus dea-chleachtais a chomhroinnt le geallsealbhóirí eile maidir le sonraí pearsanta leanaí a chosaint. Mar shampla, luaigh freagraí in aighneacht amháin gur mhaith leis ionchur agus treoir a fháil ó ghrúpaí speisialaithe sochaí sibhialta, agus ó thathantóirí um chearta leanaí go háirithe, maidir leis na nithe ba cheart a bhreithniú chun an chothromaíocht sin a aimsiú ar bhealach a chosnaíonn leasanna leanaí ar an mbealach is fearr. Luadh go bhféadfadh an Chomhairle Náisiúnta Chomhairleach um Shábháilteacht ar Líne a bheith ina fóram oiriúnach le haghaidh eolas a dhéanamh don chleachtadh sin.

Chuir freagraí imní in iúl in aighneacht amháin faoin spleáchas iomarcach atá ag eagraíochtaí, dar leis, ar leas dlisteanach a úsáid mar bhunús dlí do shonraí pearsanta a phróiseáil. Leag geallsealbhóirí eile béim ar an tábhacht a bhaineann le heolas a thabhairt do thuismitheoirí faoi na rioscaí a ghabhann le sonraí pearsanta a leanaí a chomhroinnt ar líne agus faoi na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige sin do chearta cosanta sonraí a leanaí. D'iarr eagraíocht amháin ar an gCoimisiún treoir a eisiúint maidir le cásanna ina bhféadfadh forluá a bheith ann idir an Rialachán Ginearálta agus an reachtaíocht um chosaint leanaí. D'fhiafraigh sí den Choimisiún freisin cé acu a rachadh nó nach rachadh an aois nua toilithe dhigitigh i bhfeidhm ar an gcumas atá ag leanaí agus daoine óga chun a dtoilíú féin a thabhairt le páirt a ghlacadh i dtaighde.

Conclúid

Mar chuid den chomhairliúchán seo, fuair an Coimisiún neart aighneachtaí ó eagraíochtaí agus ó dhaoine aonair ó lear earnálacha sa tsochaí. I ngach aighneacht a fuarthas, pléadh go cuimsitheach na saincheisteanna a tarraingíodh anuas sna ceisteanna a chuir an Coimisiún. I dteannta an raoin leathain tuairimí a cuireadh in iúl sna haighneachtaí a fuarthas ó eagraíochtaí príobháideacha, ó eagraíochtaí poiblí agus ó eagraíochtaí sochaí sibhialta, fágann sé sin go bhfuil an sruth seo den chomhairliúchán ina acmhainn ríluachmhar don Choimisiún de réir mar a dhréachtaíonn sé treoir do dhaoine aonair agus

d'eagraíochtaí as seo amach.

Is é an toradh is suntasaí ag an gcéim luath seo d'anailís an Choimisiúin ar na haighneachtaí ná an dóigh a bhfuil na catagóirí difriúla rannpháirtí sa chomhairliúchán ag aontú agus ag easaontú lena chéile faoi roinnt mhaith saincheistanna a bhaineann le sonraí pearsanta leanaí a chosaint. Faoi mar a phléitear thuas, bhí difríocht shuntasach ann idir rannpháirtithe ón earnáil phríobháideach agus rannpháirtithe nach raibh ón earnáil phríobháideach maidir lena dtuairimí ar shaincheistanna éagsúla a bhaineann leis na bealaí is fearr is féidir sonraí leanaí a chosaint ar líne. Áiríodh leo sin cé acu ba cheart nó nár cheart fógraí príobháideachta ar leith a thabhairt d'aoisigh agus do leanaí; cé acu ba cheart nó nár cheart leanaí a ghlasaíl amach as seirbhísí in imthosca áirithe go dtí go mbainfidh siad 16 bliana d'aois amach; agus cé acu ba cheart nó nár cheart próifíliú leanaí chun críocha margaíochta a cheadú.

Ag an am céanna, bhí an chuma air go raibh rannpháirtithe ó earnálacha difriúla ar aon intinn faoi roinnt ceistanna. Áiríodh leo sin, mar shampla, ceistanna faoi na straitéisí is fearr le haghaidh faisnéis trédhearcachta a thabhairt do mhionaoisigh agus ceistanna faoin teannas atá ann idir rannpháirtíocht tuismitheora agus neamhspleáchas an linbh.

Tá an Coimisiún an-bhuíoch de na daoine aonair agus na heagraíochtaí go léir a ghlac páirt sa chomhairliúchán seo. Is cinnte go mbainfear leas as tuilleadh anailíse agus anailís níos mine ar na haighneachtaí chun eolas a dhéanamh don obair atá ar bun ag an gCoimisiún sa réimse um shaincheistanna cosanta sonraí leanaí de réir mar a théann sé ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile dá chuid oibre ar threoir phraiticiúil a ullmhú do leanaí agus d'eagraíochtaí araon.

